

*Leaca an Tí Mhóir*

D’fheicimis uainn a gcuid páirceanna, ina ‘lawns’, is beithígh de chuid an ghabhairmint *bull* ag iníor go socair iontu. Uaireanta d’fheicidís na gabhair is na caoirigh seo againne ar an gcnoc. Chloisimis i gcónaí a gcuid Béarla. Annamh a chloisidís siúd ár gcuidne Béarla. Ach ar scoil.

‘There voss many grasses in the field for the cow to be et.’ Ba bheag nár thit Micí Thaidhg, an múinteoir, den chathaoir le gáire.

‘Jaysus, Leary, you’ll be the death of me,’ ar seisean. Ní fhéadaimisne ó Ghleann Easna aon lámh a dhéanamh ar ‘Z’ an Bhéarla. ‘Sip’ a bhí ar mo chasóg, agus, dá bharr sin, bhíos ‘lasy’ agus ‘crasy’. Maidir le focail dar tús *wh* – *fof, fy, fivere, fwin, fof for, black and fite* – bhíomar inár seó bóthair acu. ‘Fotters’ Ghleann Easna a thugtaí orainn.

Dá bhíthin sin bhíos fiáin chun an Béarla a fhoghlaim. Agus an lá a chonac *The American Treasure Annual* ag Teddy Connor ar scoil, shantaíos é – ar dtús ar son an Bhéarla. Bhí crothán Béarla sa bhaile againn, ar ócáidí speisialta, ach thuigeamar nach raibh ann ach plobarnach leitean. Maidin amháin ghlaigh mo mháthair ar Mháire a bhí ag ullmhú an bhriceasta:

‘Put deown a negg for Seán, for Seán’s goin to Meiriceá.’ Seán, an deartháir ba shine, d’fhreagair sé ón leaba sa lochta: ‘Put deown neo negg for Seán, for Seán’s goin to neo Meiriceá nor South Nafrica naythur.’

Shantaíos an Béarla, shantaíos an *annual*, shantaíos an long.

Bhíodh sé ar scoil aige gach aon lá, scata againn bailithe timpeall air am lóin.

‘Go back to Dick Tracey,’ a deirimis leis. Bhí Teddy breá sásta buíochas an tslua a bheith á tharrac aige, mar cé go raibh sé deas mar dhuine, ní raibh an gliocas ná an diabhlaíocht ann a dhéanfadh laoch de. De réir a chéile d’fhás an *annual* ina ainmhian dosmachtaithe ionam. Agus mé ag sá i gcoinne an aird ón scoil, smaoinéoinn ar Superman, agus ar Dick Tracey, a raibh smig chearnógach fhearúil aige; ar éigean a d’fhan aon smig ag m’athair. Agus na mná, cuid acu leathnocht. Agus chuimhneoinn ar mhná an pharóiste agus ar mo mháthair – ní raibh iontu go léir ach scata sprideanna. Agus na dathanna. D’fhéachas im thimpeall; canathaobh nach bhféadfadh an gorm a bheith ina ghorm, an glas ina ghlas, an dearg ina dhearg, in ionad a bheith tréigthe mar éadaí tincéara. Shantaíos bándearg.

Ach ní thabharfadh Teddy uaidh é gan malartú nó mharóidh a athair, Mike Dan, é. Ach malartú ní raibh agam. Ní raibh de leabhair sa teach ach cóip de *Old Moore’s Almanac*, cóip de Bhíobla Bhedel a léinn le dua ó am go chéile, agus ‘the Book’. Ní fhéadfadh éinne ‘the Book’ a léamh, ná an teideal, *Good Husbandry*. Ach na pictiúirí, bhíodar feicthe is seanfheicthe againn: bulláin, tairbh, reithí agus muca, iad chomh ramhar le cocaí féir. Níor mhór talamh speisialta a bheith acu nó shuncálfaí iad. B’in a raibh de litríocht sa teach – rud a d’fhág mé gan aon chaitheamh aimsire ach Méirín.

Peata mionnáin ba ea Méirín, a bhí níos cliste is níos dílse domsa ná aon mhadra. Bhí Harry, an madra caorach, dultha in aois go mór is ba ghearr a théarma. Bhí poll bainte aige sa tuí a bhí sa scioból agus is ann a d’fhanadh sé, ag sméideadh amach ar laethanta deiridh a shaoil.

Chomh luath is a thagainn abhaile léimeadh Méirín ón ngeata anuas ar mo ghualainn, agus is ann a chaitheadh sé cuid mhaith den tráthnóna, gach *me-be* as. Bhí an-choinneáil ag na crúibíní aige. Léimfeadh sé is sheasfadh sé ar bhiorán. Chonac in áiteanna é ná coinneodh cat a ghreamanna ann. Bhí fáinne de bhuicéid bunoscionn san iothlainn agam. Ba chleas le Méirín gabháil timpeall go tapaidh ó cheann go chéile go mbaineadh sé sórt scála ceoil astu. Ba dhána an t-éadan a bhí air, is ní raibh aon támáilteacht air dul isteach sa chistin ar an déirc, nó cantam aráin a ghoid ón mbord; ach bhí mo mháthair fabhrach leis, is níorbh fhéarr léi scéal de ná an gabhairín a fheiscint i mbéal an dorais.

Lean Dick Tracey ag gabháil steallaidh ar m’aigne. Lean an tathant agam ar Teddy. Bhíos lán-toilteanach bradaíocht a dhéanamh ar son an *annual* – cearc, lacha, gé, mála prátaí – ach ní éisteadh Teddy. Bhí rud éigin uaidh féin, dó féin.

Satharn amháin bhíos ar bharr an charn aoiligh, á mhaolú anuas le píce. Go tobann thiomáin gluaisteán isteach sa chlós. Mike Dan is Teddy a bhí ann. Rith mo dhaid amach chucu mar iontas ba ea an gluaisteán. Ritheas féin le náire uathu, a rá is

gur rugadh orm cosnochta is cac go glúin orm. Thumas na cosa sa tobán is ritheas an raca trí mo chuid gruaige sa chistin sarar thaispeánas mé féin dóibh. Bhí Teddy ansin is an *annual* faoina ascaill aige. Gheit mo chroí. An Nollaig a bhí ann is cá bhfios ná gurbh é sprid na Nollag a bhog chugam iad. Mike Dan ag caint le m'athair is gach drochfhéachaint aige mórthimpeall.

‘Tá an t-aoileach sin millte agat lena bhfuil d’aiteann is raitheach tríd. Teach an tsamhraidh, pléascfaidh na goirt le salachar.’

‘Dhera, bíodh an diabhal ag na goirt, ‘deile a dh’fhásadar riamh ach salachar.’

Lean an chaint. Sa deireadh labhair Mike Dan.

‘The garsún wants a swap for his book, you know, something for something, a malairt, you know.’

‘Malairt, malairt,’ arsa m’athair, ag tochas a chluaise, is ag féachaint ar an gcarn aoiligh. Ag an bpointe sin thuirling Méirín ar mo ghualainn. Chonaic Teddy é. Anall leis chugam.

‘Can he do that to me?’ ar seisean.

‘Dhera, he can,’ arsa mise, is bhuaileas cúpla buillín ar ghualainn Teddy is smeachas mo theanga. Thug méirín léim neafaiseach is thuirling go cruinn ar ghualainn Teddy.

‘Hey, Da, look at me, look at the goat.’

Phreab Méirín ar ais ormsa. Sall le Teddy go dtína athair is chuala an chogarnach. Labhair Mike Dan.

‘He’ll take the goat for a swap.’

Bhíos an-sásta: ní dheánfadh cúpla lá saoire aon dochar do Mhéirín.

‘Sladmhargadh,’ arsa m’athair. Rinneadh an malartú. Rugas barróg ar an leabhar ar eagla go mbainfí díom arís é. Agus Mike Dan ag imeacht, labhair sé as Gaeilge arís.

‘Is fearr marcaíocht ar ghabhar ná coisíocht dá fheabhas,’ ar seisean is gháir sé. Ghlanadar leo.

D’fhéach m’athair ina ndiaidh.

‘An gcualáis cad dúirt an bathlach faoin aoileach? Maran b’olc an cac a bheadh rómhaith dó.’

D’fhéach sé an geata amach.

‘Is dóigh leis na Connors gur dóibh féin amháin a ghlasann an féar.’

Chas sé is ghluais sé tharam. Stop sé is d’fhéach sé ar an leabhar.

‘Ní thabharfainn cac gé mar mhalairt air.’ Is bhailigh sé leis.

Rugas liom an leabhar go dtí mo phluaisín sa lochta os cionn na mbó, is chromas ar a bheith á léamh. Bhí focail nár thuigeas, ach le cabhair na bpictiúirí chuas ina dtaithí. I lár na Nollag thiomáin an fuacht isteach cois na tine mé. Bhí m’athair beag beann ar an leabhar ar dtús, ach tar éis tamaill ní ligfeadh an fhiosracht dó gan spéis a chur sa rud. Thosaigh sé ag féachaint ar

na pictiúirí, á moladh is á gcáineadh. Chabhraíos leis sa scéal.

Bhí sé glan i gcoinne Jesse James, ach Billy the Kid, b'in fear maith – an-*shot* aige, agus roinneadh sé a shlad ar na bochtáin. Ach diabhal as ifreann ba ea Dick Tracey, a raibh sluasaid mar smig air.

‘Ní cheannóinn bó ná capall ó smig mar sin,’ ar seisean.

Bhíodh mo mháthair cráite againn mar ná fágaimis an tinteán. Tháinig drochaimsir tar éis na Nollag, is sneachta suas go húll an dorais. Luíomar isteach i gceart ansin ar sheanchas an *annual*. Ní raibh Al Capone ‘cneasta’. Bhí cloiste faoi na ‘Dagos’ aige ó Phoncánaigh an pharóiste – drochmheas aige orthu. Ní raibh aon díomá air nuair a chríochnaíomar an leabhar mar b'éigean tosú as an nua arís. Bhí an lán-daiteacht ag imirt air. D'fhás muintearas idir mé féin agus m'athair an Nollaig sin, muintearas nár sháraigh éinne ó shin.

Lá Caille bhuaileas bóthar leis an leabhar. Bhí coscáirt tagtha ar an sneachta, is mórthimpeall orm bhí sileadh, is na crainn ag ticeáil mar chloig – géim na habhann in imigéin.

‘Tá an sneachta *alright* ach is fearr liom tuf-taf é ná ina phlub-phlab,’ a deireadh m'athair. Ghluaiseas liom trasna na habhann ar na clocha a dtugaimis Snáthaidí na Gréine orthu. As go brách liom gur bhaineas an teach mór amach. Bhíos tnúthánach le Méirín a fheiceáil mar is cinnte gur bhraitheamar uainn a chéile.

Chrangas doras an tí mhóir, gur léim macalla pholl na litreach amach chugam. D’oscail Teddy an doras.

‘Seo dhuit do leabhar, míle buíochas, Teddy, an dtabharfá Méirín amach chugam?’

Thog sé an leabhar, ansin: ‘Wait there a minute.’

Chuaigh sé isteach is d’fhill láithreach le Mike Dan. Thóg Mike an leabhar ó Teddy is thug dom é.

‘The book is yours, by, you gave us a goat for it.’ D’fhéachas ar Teddy. Ba leas liom Béarla a labhairt.

‘Twass a sfop,’ arsa mise.

‘Twas no swap,’ arsa Mike; ‘twas a goat for a book,’ ar seisean go mursanta liom – thar mar ba ghá.

‘Bring Méirín to me out,’ arsa mise go stuacach.

‘Méirín?’ ar seisean le Teddy.

‘The goat,’ arsa Teddy.

D’fhéach Mike Dan orm agus é ag priocadh rud éigin as na fiacla.

‘Leary, by, your goat is et, and that’s all about it; take your book with you. Teidín, go in to your dinner.’

D’imigh Teddy.

‘Sea, a ghar súin, prioc leat abhaile anois nó béarfaidh an oíche ort.

D'fhanas mar bheadh éan is goic air, mé ceangailte den talamh. Phléasc an fhearg aníos ionam.

‘Cad ba ghá dhuit mo ghabhairín a ithe, a bhathlaigh? D’úsáideas focal m’athar. D’fhéach Mike Dan timpeall mar dhea.

‘There’s no bathlach around here, nor a goat naythur, just a fottter from Gleann Easna. Mura dtugann tú na cosa leat, láithreach, ar mo leabhar, go gcuirfead na gadhair ionat,’ ar seisean, is phlab sé an doras i m’aghaidh.

Chasas is thugas faoin mbóthar abhaile. Thugas liom an leabhar, croí trom, agus íomhá. Im mheabhair d’fhan íomhá Mike Dan ag an doras ag priocadh na bhfiacra lena mhéir. Faingí fada fiacra iad mar a gheofá ar chapall, is ní fhéadfaínn gan cuimhneamh ar na fiacra céanna ag mungailt mo Mhéirín. An t-aon ruidín sa saol a rabhas mór leis – agus mise an t-aon chosaint aige ar an saol. Is dhíolas é is chaitheas a chuid feola chuig na beithígh sin, na Connors. Ghéaraíos ar an gcoisíocht ar eagla go mbrisfeadh mo ghol orm. Nuair a thángas chomh fada le Snáthaidí na Gréine, sheasas ar an gcloch láir, is d’osclaíos an leabhar. D’fhéachas ar na pictiúirí.

Bhí sé ag gabháil ó sholas, is scáth na Snáthaidí ag scaradh leis an sruth.

D’fhéachas ar Dick Tracey: ní raibh aon oidhre air ach Mike Dan – na fiacra céanna. Níor thaise do Bhillie the Kid is do Mhugs Larkin é. Ní raibh iontu ach na Connors, gach diabhal

duine acu, is teanga dhamanta na Connors á labhairt acu. Stracas Tracey le fíoch, agus Superman is iad go léir, is chaitheas san uisce iad. D'fhéachas ar na leathanaigh ag imeacht mar dhuilliúr ar bharr tuile. Is geal le croí dubh an ghráin. Ba é díol an chomhair é, dá laghad é mar iarracht.

Chuireas an clúdach ag léimneach d'ucht na habhann gur ghreamaigh sé sna feileastraim.

Bhailíos liom. Focal faoi ní fhéadfainn a rá lem mhuintir nó bheadh sé ina chogadh dearg idir an dá chlann is mo mháthair ar buile chugam.

Bhaineas an teach amach. Píoc níor itheas ach d'fhan cois na tine im thost. Bhí m'athair suite trasna uaim is gan focal as. Sa deireadh d'éirigh sé is bhain searradh as, is labhair leis na frathacha.

'Is sleamhain iad leaca an tí mhóir,' ar seisean, is bhailigh leis a luí.